



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2019*

Stampa an Ionaid

## Gaeilge Gnáthleibhéal

### Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

Dé Luain  
10 Meitheamh  
Tráthnóna, 2.00 go dtí 3.50

### Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

Don Scrúdaitheoir	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

# Cuid I: Cluastuiscent

## (60 Marc)

---

### ***Treoracha d'íarrthóirí***

---

**Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.**

**Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.**

---


# Cuid A

Cloisfidh tú **dhá** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cathain a bheidh an comórtas seo ar siúl?	
Cad atá le bheith san fhíséán?	
Cén duais a gheobhaidh an buaiteoir?	
Cad é an seoladh ríomhphoist chun gach eolas faoin gcomórtas a fháil?	



## FÓGRA A DÓ

1. (a) Cá bhfuil Óstán na Trá?

- 
- (b) Cén t-am a thosóidh an cruinniú seo?
- 

2. (a) Cén sórt aimsire a bhí ann san earrach?
- 

- (b) Cén duine ó Chumann na bhFeirmeoirí a dhéanfaidh an chaint speisialta ag an gcruinniú?
- 



# Cuid B

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

## COMHRÁ A hAON

### An Chéad Mhír

1. Cén áit i nDún Garbhán a raibh Síle ag obair don samhradh?

---

### An Dara Mír

1. Cén fáth a bhfuil sé sábháilte a bheith ag siúl agus ag rothaíocht ar na glasbhealaí, dar le Síle?
2. Cad a chuir an rialtas ar fáil sa cháináisnéis chun níos mó glasbhealaí a fhorbairt ar fud na tíre?



## COMHRÁ A DÓ

### An Chéad Mhír


1. Cé mhéad pointe a fuair Máirtín san Ardteistiméireacht?

- 
2. Cén fáth ar chaith Máirtín agus a thuismitheoirí dhá lá i mBaile Átha Cliath?

---

### An Dara Mír

1. Conas a rachaidh Máirtín go dtí an ollscoil gach maidin?
2. Cad a bhíonn á mhúineadh ag Máirtín gach Satharn?



# Cuid C

Cloisfidh tú **dhá** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

---


## PÍOSA A hAON

1. Cén lá sa bhliain 1817 a lasadh an solas den chéad uair i dTeach Solais Fhánada?

---

2. Luaigne rud **amháin** a bhfuil léargas le fáil air sna taispeántais in Ionad na gCuirteoirí.

---



## PÍOSA A DÓ

1. Cén dáta a bhí Cluiche Ceannais na hÉireann sa pheil ar siúl anuraidh?

---

2. Cén gradam a bronnadh ar an imreoir lár páirce, Brian Fenton, ag ócáid speisialta i mBaile Átha Cliath?

---



---

---

# Cuid II: Ceapadóireacht

## (100 Marc)

---

### *Treoracha d'iarrthóirí*

---

**Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.**

**Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.**

**Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.**

---

# CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

## A – GIOTA LEANÚNACH / BLAG – (50 marc)

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

- (i) Mar a chaith mé an samhradh seo caite.
- (ii) Is aoibhinn liom mo scoil.
- (iii) Na rudaí a dhéanaim nuair a bhíonn am saor agam.

## B – SCÉAL – (50 marc)

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas  
oiriúnach mar **thús** leis.

- (i) Bhí mé féin agus mo chara san aerfort. Bhíomar ag súil go mór leis an turas go Páras.  
Chuir mé mo lámh i mo mhála. Ní raibh mo phas ná mo chuid airgid ann ...

nó

- (ii) Tháinig an oíche mhór. Bhí an seó tallainne ag tosú agus bhí mé ag dul ar an státse ...

## C – LITIR / RÍOMHPHHOST – (50 marc)

- (i) Bhí béis breá agat i mbialann le do theaghlaigh chun do bhreithlá a cheiliúradh.  
Fuair tú bronntanas iontach ó do theaghlaigh ag deireadh na hoíche.  
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat  
ag insint dó / di faoin oíche sa bhialann **agus** faoin mbronntanas iontach a fuair tú.

nó

- (ii) Chaith tú féin agus do chara seachtain ar saoire in ionad campála le déanaí.  
Scríobh **an litir / an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig do dheartháir  
/ do dheirfiúr ag insint dó / di faoi na háiseanna san ionad campála sin **agus** faoi na rudaí  
a rinne tú féin agus do chara nuair a bhí sibh ar saoire.

## D – COMHRÁ – (50 marc)

- (i) Tá scrúduithe na hArdteistiméireachta díreach críochnaithe agat féin agus ag do chairde.  
Ba mhaith leat cóisir (féasta) a bheith agat i do theach.  
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin  
ábhar sin.

nó

- (ii) Is maith leat siopadóireacht a dhéanamh ar líne ach is fearr le do chara dul ag siopadóireacht  
sa chathair.  
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoin ábhar sin.

# Leathanach Bán